COLMCILLE

Iarratas ar Sparánacht do Chúrsaí i nGaeilge na hAlban 2019

Spriocdháta: Dé hAoine an 22 Feabhra 2019

Tá líon teoranta sparánachtaí ar fáil do dhaoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu agus ar mian leo Gaeilge na hAlban a fhoglaim. Baineann na sparánachtaí go háirithe leis na cúrsaí seo a leanas ag Sabhal Mòr Ostaig san Eilean Sgitheanach:

Gaeilge na hAlban do chainteoirí Ghaeilge na hÉireann, Bunleibhéal, Cúrsa A	1-5 Iúil
nó	
Gaeilge na hAlban do chainteoirí Ghaeilge na hÉireann, Bunleibhéal, Cúrsa B	19-23 Lúnasa
Gaeilge na hAlban do chainteoirí Ghaeilge na hÉireann, leibhéal níos airde	29 Iúil - 2 Lúnasa

Ní mór d'iarratasóirí bunleibhéil freastal ar chúrsa atá dírithe ar chainteoirí Ghaeilge na hÉireann. Is féidir go gcuirfí sparánacht ar fáil do dhaoine ag leibhéal níos airde ar mhian leo cúrsa Ghaeilge na hAlban a dhéanamh i gcoláiste nó i gceantar eile, ach é a phlé linn sula gcuirfear an t-iarratas isteach. Is féidir linn comhairle a thabhairt maidir leis na cúrsaí/ceantair eile atá ar fáil ach teagmháil a dhéanamh linn.

- Clúdaíonn an sparánacht táillí an chúrsa agus cúig oíche leaba agus bricfeasta. I gcásanna áirithe (mic léinn agus daoine gan tuarastal), is féidir iarratas a dhéanamh ar liúntas breise le cuidiú le costais taistil.

Beidh tús áite ag:

- mic léinn lánaimseartha tríú leibhéal
- daoine ar féidir leo a léiriú go bhfuil ceangal acu le hobair na Gaeilge, agus a bhfuil deis agus toil acu naisc a thógáil le pobal Ghaeilge na hAlban
- daoine atá ag cur isteach den chéad uair, nó ar féidir leo a léiriú go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta acu i nGaeilge na hAlban

Más spéis leat iarratas a dhéanamh ar sparánacht líon an fhoirm seo thíos agus cuir chugainn í faoin 22 Feabhra 2019.

Foirm Iarratais ar Sparánacht do chúrsa i nGaeilge na hAlban

1. Sonraí teagmhála

Ainm:

.....

Seoladh Poist: .....

Cód Poist: .....

Seoladh Ríomhphoist: .....

Uimhir Ghutháin: .....

2. Liúntas Taistil

Is féidir iarratas a dhéanamh ar liúntas breise taistil:

a) más mac léinn lánaimseartha thú
b) má tá tú gan tuarastal agus gan acmhainn agat an taisteal a dhéanamh gan liúntas breise

Íocfar an deontas seo go siarghabhálach ach admhálacha ar chaiteachas a chur ar fáil.

Más mac léinn lánaimseartha thú ainmnigh an ollscoil, an rannóg agus an cúrsa:

……..

Murar mac léinn lánaimseartha thú, an bhfuil tú ag déanamh iarratais ar chúnamh taistil? Má tá, cén fáth?

……..

3a. Cén t-eolas atá agat ar Ghaeilge na hAlban?

.....

.....

3b. An bhfuair tú sparánacht roimhe ó Cholmcille le freastal ar chúrsa i nGaeilge na hAlban. Má fuair, cén bhliain agus cén áit?

……

4. An bhfuil baint agat le hobair na Gaeilge? Má tá, cén dóigh ar féidir leat an nasc le hAlbain a chur chun cinn?

.....

.....

.....

.....

5. An bhfuil Gaeilge na hÉireann ar do thoil agat, idir scileanna labhartha agus scríofa?

.....

6. Cén cúrsa a bhfuil tú ag iarraidh freastal air, agus an bhfuil áit curtha in áirithe agat cheana féin?

.....

(Nóta: ní chuireann Colmcille áit in áirithe ar an chúrsa duit, tá foirmeacha áirithinte ag Sabhal Mòr agus ag institiúidí eile. Beidh tuilleadh eolais ar na litreacha tairisceana má éiríonn leat.)

7. An bhfuil coimhlint leasa ag aon bhall foirne de chuid Fhoras na Gaeilge nó aon chomhalta boird de chuid Fhoras na Gaeilge i leith an iarratais seo? Má tá tabhair sonraí le do thoil.

□Tá □ Níl

Má tá:

Ainm an duine :_____

Síniú an iarratasóra: ..... Dáta: .....

Ní mór an fhoirm a bheith faighte againn faoin **22 Feabhra 2019**. Seol í chuig:

Rosie Nic Cionnaith
Colmcille
Foras na Gaeilge
An Chrannóg
Na Doirí Beaga
Gaoth Dobhair
Co. Dún na nGall

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le:
rniccionnaith@forasnagaeilge.ie
+35374-95-58123

Tá súil againn tairiscintí a chur amach sa chéad seachtain de mhí Aibreáin 2019.